AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.6.2023
COM(2023) 303 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2024

{SWD(2023) 172 final}

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2024

1. RÉAMHRÁ

Leis an Teachtaireacht seo, soláthraítear tuilleadh mionsonraí maidir le stádas iascach na hEorpa ar a ndearnadh faireachán in 2022. Soláthraítear leis freisin na tograí ón gCoimisiún agus na comhairliúcháin le tríú tíortha maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024. Is é an aidhm atá ann feabhas a chur ar athléimneacht iascairí, borradh a chur faoi athbhunú stoc i dtreo na huastáirgeachta inbhuanaithe, agus stoic shláintiúla a choinneáil ar bun ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe.

Is lú i bhfad na stoic éisc a bhfuil ró-iascaireacht á ndéanamh orthu anois agus tá gnóthachain shocheacnamaíocha le feiceáil ag iascairí ó stoic áirithe atá á mbainistiú ar leibhéil níos sláintiúla le tamall anuas. Mar sin féin, rinne praghsanna arda breosla dochar do na gnóthachain a rinneadh, rud a léiríonn an gá atá ann athléimneacht a fhorbairt ionas nach mbeidh cabhlach iascaireachta an Aontais ag brath chomh mór sin ar bhreoslaí iontaise agus go ndéanfar stoic éisc a chaomhnú. Chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin agus chun feabhas a chur ar athléimneacht iascach an Aontais, sheol an Coimisiún próiseas comhair cuimsitheach cuiditheach faoi **phacáiste an Iascaigh agus na nAigéan**[1]. Tá sé ríthábhachtach leanúint den rannpháirtíocht agus den idirphlé sin.

Ó bhí mí Feabhra 2022 ann, bhí tionchar ag fogha míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar iascach an Aontais ar bhealaí éagsúla, go háirithe sa Mhuir Dhubh. De thoradh an fhogha sin, cuireadh isteach go leanúnach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ar shreafaí trádála, agus bhí tionchar aige ar chomhairle eolaíoch agus ar chaibidlíocht áirithe ar an leibhéal idirnáisiúnta. Léirítear leis sin a thábhachtaí atá sé borradh a chur faoin athléimneacht chun an tslándáil bia a áirithiú san Eoraip, cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach[2], agus gníomhaíocht bhreise a dhéanamh maidir leis an nuálaíocht agus maidir leis an aistriú fuinnimh, mar a chuirtear i dtábhacht i bpacáiste an Iascaigh agus na nAigéan.

2. DUL CHUN CINN MAIDIR LE HIASCAIREACHT INBHUANAITHE A BHAINT AMACH SAN AONTAS EORPACH

Is éard is iascaireacht inbhuanaithe ann gan níos mó éisc a ghabháil ná mar is féidir le stoic a atáirgeadh gach bliain. Déantar iascaireacht inbhuanaithe ar stoc ag an uastáirgeacht inbhuanaithe nuair atá an cóimheas idir an ráta básmhaireachta iascaigh iarbhír (F) agus an

[1] COM(2023) 100 final; COM(2023) 101 final; COM(2023) 102 final; agus COM(2023)103 final.
[2] COM/2019/640 final

ráta básmhaireachta iascaigh ag an uastáirgeacht inbhuanaithe (F_{MSY}) faoi bhun nó cothrom le 1[3].

A bhuí leis na hinfheistíochtaí a rinne iascairí agus riaracháin náisiúnta agus leis an ngealltanas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an t-iascach a bhainistiú ar bhealach freagrach, tá an iascaireacht níos inbhuanaithe agus is lú i bhfad na stoic a bhfuil ró-iascaireacht á ndéanamh orthu san Aontas anois.

In 2003, bhí ró-iascaireacht ar siúl ar fhormhór na stoc a raibh leas ag an Aontas iontu agus ba é 1,68 F_{MSY} an ráta airmheánach básmhaireachta iascaireachta san **Atlantach Thoir Thuaidh**. Thit an ráta ó shin, agus bhí sé ag an luach ab ísle in 2021 agus é ag 0,76. **Sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**, thit an ráta airmheánach básmhaireachta ó 2,06 F_{MSY} in 2003 go 1,7 in 2020[4], agus tháinig feabhas ar an staid agus tuilleadh measúnuithe stoc ar fáil anois i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Is sa Mheánmhuir Thoir a bhí an titim is mó sa ráta básmhaireachta iascaigh, agus is sa Mhuir Dhubh agus sa Mheánmhuir Thiar a bhí an titim is mó ina dhiaidh sin. Is beag athrú atá ar an Meánmhuir Láir.

Cé gur thit an ráta básmhaireachta iascaigh, tá bithmhais an stoic éisc ag dul i méid[5]. Cuidíonn sé sin le feabhas a chur ar ghabhálacha agus ar bhrabúsacht na n-iascach agus méadaíonn sé a n-éifeachtúlacht a thaobh carbóin (i dtéarmaí kg d'éisc a ghabhtar in aghaidh an kg de charbón a astaítear). Chun luach na bainistíochta fónta a léiriú, ní dhearnadh ró-iascaireacht ar aon stoc i mBá na Bioscáine den chéad uair faoin gcomhbheartas iascaigh[6] in 2021. Is iontach an fás ar na daonraí éisc sa cheantar sin, agus iad ag níos mó ná trí oiread an leibhéil flúirse a taifeadadh in 2003.

Tá dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír agus nótaí díolacháin fíor-riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar ghlacadh an chuóta agus chun sonraí gabhála comhiomlánaithe a thuairisciú. Tá tuairisciú cruinn ríthábhachtach ós rud é gurb é is bonn leis an iascaireacht inbhuanaithe agus le sonraí eolaíocha iontaofa. Mar sin féin, tá fadhbanna fós ann maidir lena áirithiú go ndéantar gach gabháil a thaifeadadh mar is ceart agus a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí, i bhfianaise easnaimh sa chaoi a ndéanann na Ballstáit gach táirge iascaigh a thugtar i dtír a mheá agus iad a thaifeadadh go cruinn i ndoiciméid clárúcháin gabhálacha. Is toradh é sin a fheictear arís agus arís sna meastóireachtaí a rinne an Coimisiún thar roinnt imchuach farraige sna blianta roimhe sin. Rinne an Coimisiún obair leantach ar chásanna neamhchomhlíonta trí thimthriall meastóireachta eile a oscailt in 2022 agus nósanna imeachta um shárú lena gceanglaítear ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun a ngabhálacha a thuairisciú go cruinn.

---

3 Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar F_{MSY} agus ar staid bhithmhaise na stoc éisc i ngach imchuach farraige, féach Roinn 1 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

4 Níl luach 2021 ar fáil go fóill ós rud é go ndearnadh measúnuithe an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) le sonraí suas le 2020.

5 (+ 18 % foriomlán, + 39 % san Atlantach Thoir Thuaidh, + 6 % sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh ó bhí 2003 ann).

6 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh.

Ar an meán, tá stoic san Atlantach Thoir Thuaidh laistigh den raon atá comhsheasmhach le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh maidir le ráta básmhaireachta iascaireachta. Cé go ndearnadh dul chun maith in 2022 i dtreo na gcuspóirí a leagtar amach faoin gcomhbheartas iascaigh, is gá dul chun cinn breise a dhéanamh, go háirithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh.

2.1 Deiseanna iascaireachta in 2023

I dtaca leis na deiseanna iascaireachta, is céim thábhachtach iad ó thaobh bainistiú iascaigh inbhuanaithe de. San Atlantach, i Muir Bhailt agus sa Skagerrak/Kattegat, sainmhínítear deiseanna iascaireachta go príomha mar theorainneacha gabhála (ar a dtugtar gabhálacha iomlán incheadaithe (TACanna)).

Leis **an staid chomhshaoil an-éagsúil** i **Muir Bhailt agus ina haibhneacha**, leantar de dhochar a dhéanamh do stoic éisc agus dá bhforbairt. Tá brúnna éagsúla i **Muir Bhailt** inniu, brúnna as ar eascair díghrádú na bithéagsúlachta. Sa lá atá inniu ann, áirítear ar na brúnna sin truailliú ard ó ionchuir chothaitheacha agus leibhéil arda leanúnacha d'éilleáin. Is mainneachtain maidir le reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme is cúis leis sin go páirteach[7]. Ní dhírítear a thuilleadh ar cheithre iascach as gach deich gcinn (scadán thiar, an dá stoc troisc agus an bradán sa phríomh-imchuach) agus ní fhéadfar iad a thabhairt i dtír ach mar fhoghabháil amháin. I measc na spiociascach atá fágtha, tá na peiligigh eile (an salán agus an scadán i Muir Bhailt Láir, i Murascaill na Boitnia agus i Murascaill Ríge) agus an leathóg, ag a bhfuil teorainneacha gabhála a socraíodh i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, agus an bradán i Murascaill na Boitnia agus i Murascaill na Fionlainne, ag a bhfuil teorainneacha gabhála a socraíodh i gcomhréir le cur chuige an réamhchúraim. Le plean ilbhliantúil Mhuir Bhailt[8], baintear úsáid as na huirlisí uile i.e. spriociascach a chur ar fionraí, TACanna a shocrú faoi bhun na n-uasleibhéal a mholtar, cosc le linn an tséasúir sceite agus an iascaireacht áineasa a theorannú, chun cuidiú le hathshlánú na stoc éisc. Ach mura ndéanfaidh na Ballstáit reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go hiomlán, ní bheidh na huirlisí sin leordhóthanach chun go mbeidh na stoic éisc uile in ann athshlánú. Tugadh gealltanas sa Dearbhú Aireachta *Ár Muir Bhailt* go gcuirfí dlí an Aontais chun feidhme ina iomláine; tá sé ríthábhachtach déanamh amhlaidh[9].

Is le hionchur ón bpobal eolaíochta a chuirtear tús le gníomhaíocht chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le brúnna ó thruailliú, le heotrófú agus leis an athrú aeráide, dúshláin atá roimh na héiceachórais mhuirí, roimh an iascach agus roimh an dobharshaothrú. Leis an eolaíocht, cuirtear ar a gcumas do lucht ceaptha beartas cinntí eolasacha a dhéanamh agus an

---

7 Go háirithe an Treoir maidir le Níotráití, an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, an Treoir Réime maidir le hUisce, na Treoracha maidir le Gnáthóga agus maidir le hÉin, an Treoir Réime Dramhaíola, an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí, an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, an Beartas Muirí Comhtháite agus an Comhbheartas Talmhaíochta.

8 Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin.

9 https://commission.europa.eu/system/files/2020-09/ministerial_declaration_our_baltic_conference.pdf

cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh agus dobharshaothraithe a chur chun feidhme go hiomlán, ar ceann de phríomhphrionsabail an chomhbheartais iascaigh é.

Tá brúnna níos ísle ar stoic éisc agus dálaí éagsúla comhshaoil in uiscí **Skagerrak/an Atlantaigh**. Sna himchuacha farraige sin, bhí torthaí dearfacha ar bhainistiú inbhuanaithe 29 stoc agus tháinig méaduithe móra ar TAC i bpríomhiascach tráchtála le haghaidh 2023.

Maidir le stoic a roinntear leis an Ríocht Aontaithe, chomhaontaigh an dá pháirtí TACanna, laistigh den sprioc-am a leagtar síos sa Chomhaontú Trádála agus Comhair[10], i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe i gcás fhormhór na stoc a raibh comhairle ar fáil ina leith. I gcás 7 stoc (cásanna inar gabháil nialasach a comhairlíodh), chomhaontaigh na páirtithe teorainn ghabhála íseal a shocrú i gcás 6 stoc, lena gcumhdaítear foghabhálacha amháin chun tachtadh in iascach measctha a chosc i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[11]. I gcás stoc amháin, chomhaontaigh na páirtithe go ndéanfaidh siad faireachán ar an TAC, tar éis comhairle a fháil ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) maidir le leibhéal an TAC[12]. I dtaca leis an bplé a bhí ann idir an dá pháirtí faoi chuimsiú an Choiste Speisialaithe um Iascach, bhí sé ríthábhachtach chun na comhairliúcháin bhliantúla a chuíchóiriú agus teacht ar chomhaontú tráthúil sásúil[13].

Maidir le **stoic a roinntear idir an tAontas, an Iorua agus an Ríocht Aontaithe**, chomhaontaigh na trí pháirtí na TACanna a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe. Chun leanúint d'athshlánú trosc sa Mhuir Thuaidh, rinne siad na gníomhaíochtaí feabhais a thar-rolladh agus shocraigh siad an TAC le haghaidh dhá stoc faoi bhun na comhairle eolaíche i ngeall ar a n-idirghníomhaíocht leis an trosc in iascach measctha. Socraíodh TACanna scadán na Mara Thuaidh i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch, agus chomhaontaigh na páirtithe leanúint de theorainneacha gabhála chun an tionchar ar stoc ídithe scadán Mhuir Bhailt Thiar a mhaolú. Chomhaontaigh na páirtithe an tsamhail bhainistíochta atá ann faoi láthair agus an cur chuige maidir le TAC a shocrú le haghaidh scadán na Mara Thuaidh a athbhreithniú in 2023[14]. Is ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe a socraíodh an t-aon **stoc a roinntear go déthaobhach leis an Iorua** a

---

[10] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ST/5198/2021/INIT (IO L 149, 30.4.2021, lgh. 10-2539).

[11] Aithris (51) de Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige

[12] Taifead i Scríbhinn ar na comhairliúcháin iascaigh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach le haghaidh 2023: https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/system/files/2022-12/2023-eu-uk-fisheries-consultations_en.pdf.

[13] Le haghaidh mhiontuairiscí chruinnithe an Choiste Speisialaithe um Iascach, féach: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/relations-non-eu-countries/relations-united-kingdom/eu-uk-trade-and-cooperation-agreement/meetings-eu-uk-partnership-council-and-specialised-committees-under-trade-and-cooperation-agreement/specialised-committee-fisheries_en.

[14] Taifead ar an gcomhairliúchán iascaigh idir an tAontas Eorpach, an Iorua agus an Ríocht Aontaithe le haghaidh 2023: https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/system/files/2022-12/2023-eu-no-uk-fisheries-consultations_en.pdf.

ndearnadh measúnú air[15]. Sa chomhthéacs sin, dá n-imeofaí ó na socruithe roinnte atá ann cheana maidir le stoic a bhainistítear go comhpháirteach, d'fhéadfaí tionchar diúltach a bheith ar a stádas agus d'fhéadfadh sé an cuspóir TACanna a shocrú ar leibhéil na huastáirgeachta inbhuanaithe a chur i mbaol.

Maidir le stoic ronnach, faoitíní gorma agus scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann **a dháiltear go forleathan[16]**, chomhaontaigh na stáit chósta[17] TACanna foriomlána a shocrú ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe. Mar sin féin, in éagmais socruithe roinnte, tá suim na gcuótaí ó stáit chósta fós níos mó ná an TAC foriomlán a comhaontaíodh. Ghlac an tAontas cur chuige freagrach gan aon mhéadú aontaobhach a dhéanamh thar na sciartha deireanacha a comhaontaíodh, cur chuige nár lean na stáit chósta uile. I ngeall ar an staid sin, cuirtear brú ar inbhuanaitheacht na stoc sin cheana féin. Tá an Coimisiún i mbun plé gníomhach le stáit chósta eile agus é d'aidhm aige socruithe roinnte nua a thabhairt i gcrích maidir le bainistiú inbhuanaithe stoc.

Tá iascach ilspeiceas le fáil **sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh** agus roinntear roinnt mhaith stoc le tríú tíortha. Tá an ráta básmhaireachta iascaigh níos gaire don leibhéal inbhuanaithe i gcás stoic áirithe, agus shroich 7 stoc F_{MSY} in 2020, ach déantar iascaireacht os cionn leibhéal inbhuanaithe ar roinnt mhaith stoc go fóill. Ní mór leanúint den ghníomhaíocht chun an iarracht iascaireachta a laghdú agus cuspóir na huastáirgeachta inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe trí Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar[18] (an Mheánmhuir Thiar) agus trí Straitéis 2030 na Comhairle Ginearálta um Iascach Meánmhuirí (CGIM) a chur i bhfeidhm[19]. Tá na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 i gcomhréir le tacar substaintiúil beart a glacadh in 2022.

Chun cuspóir na huastáirgeachta inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2025 faoi Phlean Ilbhliantúil na **Meánmhara Thiar**, glactar cur chuige comhtháite maidir leis na deiseanna iascaireachta[20], lena gcuirfear le huirlisí agus lena ndéanfar forbairt ar an sásra cúitimh lena spreagtar úsáid trealaimh níos roghnaithí agus limistéar coiscthe. Moltar do na Ballstáit leanúint de bhearta a dhéanamh faoin sásra sin. Ina theannta sin, shocraigh an Chomhairle uasteorainneacha gabhála le haghaidh na séaclaí domhainmhara is mó a ndéantar ró-

---

15 Taifead ar thabhairt i gcrích an chomhairliúcháin iascaigh idir an Iorua agus an tAontas Eorpach maidir le rialáil na n-iascach in Skagerrak agus Kattegat le haghaidh 2023: https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/system/files/2023-03/2023-eu-norway-skagerrak-fisheries-consultations_en.pdf.

16 https://www.ices.dk/community/groups/pages/wgwide.aspx Déanann an Mheitheal um Stoic a Dháiltear go Forleathan sonraí a thiomsú agus a anailísiú maidir le stoic mhóra speiceas peiligeach, chomh maith le speicis eile a dháiltear go forleathan agus speicis mhórimirceacha.

17 Is iad an tAontas Eorpach, an Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Íoslainn, Oileáin Fharó, an Ghraonlainn, agus Cónaidhm na Rúise na stáit chósta san Atlantach Thoir Thuaidh le haghaidh na stoc ábhartha.

18 Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014.

19 Straitéis 2030 CGIM le haghaidh iascach agus dobharshaothrú inbhuanaithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. https://www.fao.org/documents/card/en/c/cb7562en.

20 Rialachán (AE) 2023/195 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh.

iascaireacht orthu agus choinnigh sí ar bun uasteorainneacha leis an iarracht iascaireachta le haghaidh báid spiléireachta.

Glacadh cinntí móra mar thoradh ar an dianobair a rinneadh faoi **CIGM**, obair a fuair tacaíocht ó sheasamh comhsheasmhach an Aontais in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna). Thar aon ní eile, is ann do 5 phlean bainistíochta ilbhliantúla dá thoradh, pleananna atá bunaithe ar phrionsabail an chomhbheartais iascaigh. Mar thoradh air sin, glacadh uasteorainneacha gabhála le haghaidh séaclaí domhainmhara sa Mhuir Iónach, i Muir na Leiveainte agus i gCaolas na Sicile (lena n-áirítear socruithe le haghaidh an cholmóra) agus uasleibhéal gabhálacha le haghaidh an deargáin i Muir Alboran. Comhaontaíodh plean bainistíochta fadtéarmach CGIM le haghaidh peiligigh bheaga i Muir Aidriad chun táirgeacht ard fhadtéarmach a chur ar fáil a bheidh comhsheasmhach leis an uastáirgeacht iascaireachta, le teorainneacha gabhála níos ísle in 2023 le haghaidh ainseabhaithe agus sairdíní, agus reo acmhainneachta le haghaidh trálaeir pheiligeacha agus soithí peas-saighne. Ina theannta sin, lean CGIM den phlean ilbhliantúil ceannródaíoch maidir le stoic ghrinnill i Muir Aidriad a chur chun feidhme, lena socraítear uasteorainn iarrachta iascaireachta le haghaidh trálaeir ghrinnill agus trálaeir bhíoma araon, chun sprioc na huastáirgeachta inbhuanaithe a bhaint amach in 2026 i gcás na bpríomhstoc uile. Ghlac sé teorainneacha fómhair freisin maidir le coiréalaigh dhearga agus uasteorainn leis an iarracht iascaireachta le haghaidh doráid choiteanna in uiscí idirnáisiúnta na Meánmhara. Maidir leis an Muir Dhubh, socraíodh TAC le haghaidh an turbaird faoi phlean CGIM, agus socraíodh cuóta uathrialach de chuid an Aontais le haghaidh an tsaláin.

Tháinig an tAontas ar chomhaontú freisin maidir le bearta uaillmhianacha le haghaidh **iascach muirí i dtaca leis an eascann Eorpach**[21] lena n-áirítear síneadh a chur leis an iamh ar muir ó 3 mhí go 6 mhí chun go mbeidh sé i gcomhthráth le himirce na n-eascann óg agus le heascanna aibí ag snámh idir an fharraige agus na haibhneacha. Beidh na bearta sin faoi réir faireachán méadaithe ar a gcur chun feidhme le linn 2023. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart sa dearbhú comhpháirteach maidir le hathshlánú na heascainne Eorpaí a neartú, arna shíniú ag an gCoimisiún agus ag roinnt Ballstát.

3. STAID CHABHLACH AN AONTAIS

Ní mór do na Ballstáit cabhlaigh a choinneáil faoi na huasteorainneacha náisiúnta a socraíodh le haghaidh toilleadh soithigh (olltonnáiste) agus cumhacht innill (kW). Ní mór dóibh acmhainneacht na gcabhlach nach bhfuil i gcothromaíocht a laghdú trí thuairisciú bliantúil a dhéanamh maidir le hinbhuanaitheacht bhitheolaíoch agus eacnamaíoch na gcabhlach. I gcás ina bhfuil fianaise ar éagothroime, ní mór dóibh pleananna gníomhaíochta a chur i láthair chun é sin a chur ina cheart laistigh de thráthchlár soiléir. Aon acmhainneacht a tharraingítear siar le cabhair phoiblí, ní fhéadfar í a ionadú.

[21] Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2023/195.

Ó bhí 2022 ann, tháinig laghdú ar an líon soithí, ar olltonnáiste agus ar chumhacht innill, faoi 0,3 %, 0,7 % agus 0,5 %, faoi seach. Mar thoradh air sin, i mí na Nollag 2022, bhí 72 472 shoitheach d'olltonnáiste 1 321 454 agus 5 264 658 kW i gcabhlach cláraithe an Aontais[22].

Chuir na Ballstáit in iúl ina dtuarascálacha in 2022 go bhfuil a gcabhlaigh faoi bhun na n-uasteorainneacha agus go gcomhlíonann siad na ceanglais faoi Airteagal 22 den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh. Mar sin féin, tá imní fós ann maidir le cruinneas agus iontaofacht na sonraí is bonn leis na tuarascálacha náisiúnta agus maidir le pleananna gníomhaíochta na mBallstát a bheith ann nó cruinneas na bpleananna gníomhaíochta sin. Sa Teachtaireacht maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[23], iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit trédhearcacht agus solúbthacht bhainistiú a n-acmhainneachta iascaireachta a mhéadú, agus athdháileadh féideartha na hacmhainne neamhúsáidte a éascú le haghaidh infheistíocht struchtúrach ar bord.

4. FEIDHMÍOCHT SHOCHEACNAMAÍOCH

Tá an fuinneamh ar cheann de na príomh-mhíreanna costais i gcabhlach iascaireachta an Aontais. Bhí tionchar mór ag an mbuaic i bpraghsanna breosla[24] ar fheidhmíocht shocheacnamaíoch chabhlach iascaireachta an Aontais in 2022. Tagann an tionchar sin tar éis an bhriste a bhí ann roimhe sin de dheasca ráig COVID-19 in 2020 ar threochtaí dearfacha feidhmíochta eacnamaíche; agus na míshocraíochta sa mhargadh mar thoradh ar fhogha míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine. I gcás chabhlach iascaireachta iomlán an Aontais, meastar go dtagann laghdú EUR 185 mhilliún ar an mbrabús comhlán bliantúil (nó 16 % de bhrabús comhlán bliantúil 2020) i ngeall ar mhéadú 10 n-eurocent ar phraghas an bhreosla. I roinnt mhaith ranna cabhlaigh a úsáideann trealamh atá dian ar bhreosla, d'fhéadfadh sé go mbeadh suas le leath de luach iomlán na ngabhálacha arna dtabhairt i dtír a bheith i gceist le costais fuinnimh.

Mar thoradh air sin, bhí caillteanas foriomlán ar chabhlach iascaireachta an Aontais den chéad uair ó bhí 2008 ann. Mar sin féin, tar éis bhuaic na bpraghsanna breosla ag EUR 1,2 in aghaidh an lítir i samhradh 2022, tháinig laghdú ar phraghsanna de réir a chéile go EUR 0,8-0,9 in aghaidh an lítir sa chéad ráithe de 2023. Agus na praghsanna breosla mar atá faoi láthair, meastar gur féidir le cabhlach iascaireachta an Aontais oll-bhreisluach dar luach thart ar EUR 2,5 billiún a tháirgeadh, brabús comhlán gar do EUR 300 milliún a dhéanamh, a gcostais oibriúcháin a chumhdach agus poist agus tuarastail a choinneáil ar bun le haghaidh 125 000 iascaire in 2023. Is feabhas mór é sin i gcomparáid le 2022 nuair nach raibh an chuid is mó de chabhlaigh iascaireachta an Aontais in ann a gcostais oibriúcháin a chumhdach. Mar sin féin, leis na praghsanna breosla atá ann faoi láthair, praghsanna atá fós 70 % níos airde ná praghsanna 2021, is brabús glan an-bheag a chruthófaí, nó ní chruthófaí aon bhrabús glan, ar an meán in 2023.

---

22 Lena n-áirítear an cabhlach atá gníomhach sna réigiúin is forimeallaí.

23 COM/2023/103 final.

24 Níos mó ná dhá oiread níos mó in 2022 i gcomparáid le meánphraghsanna in 2021.

Níl tionchar na feidhmíochta sin fiú ar fud na ranna cabhlaigh uile. Go ginearálta, i gcás na ranna cabhlaigh a bhraitheann ar stoic a shaothraítear ar bhealach inbhuanaithe agus a mhéadaigh a n-éifeachtúlacht fuinnimh (nó a laghdaigh a ndéine breosla), is gnách go bhfeidhmíonn siad ar bhealach níos fearr agus go ngineann siad tuarastail níos airde dá gcriúnna d'ainneoin na ndrochdhálaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair. Léiríonn sé sin **na gnóthachain shocheacnamaíocha thábhachtacha a rinne cabhlaigh iascaireachta an Aontais maidir le caomhnú stoc agus maidir le héifeachtúlacht fuinnimh**.

Meastar go ndéanfaidh cabhlach iascaireachta an Aontais a gcostais oibriúcháin a chumhdach agus an fhostaíocht a choinneáil ar bun in 2023, ach beidh sé leochaileach i gcónaí ó thaobh airgeadais de. Is ann don leochaileacht sin mar thoradh ar ardleibhéal déine fuinnimh agus spleáchais ar bhreoslaí iontaise. Moltar roinnt beart sa Tionscnamh um Aistriú Fuinnimh[25] chun cuidiú leis an earnáil dlús a chur lena haistriú fuinnimh agus chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050. Áirítear ann gníomhaíochtaí chun treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr chun an cistiú atá ar fáil faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe[26] (CEMID) a úsáid chun tacú leis an aistriú fuinnimh a bhaint amach.

Chun maolú a dhéanamh ar na hiarmhairtí is práinní don Aontas in 2022 mar thoradh ar fhogha míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine, rinne an Coimisiún gníomhaíocht go pras in 2022 chun an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh[27] (CEMI) agus CEMID a spreagadh chun bearta tacaíochta géarchéime a chur chun feidhme[28]. Maidir le CEMI, rinne 14 Bhallstát dul chun cinn maidir le modhnuithe ar a gcláir oibríochtúla chun leas a bhaint as an tacaíocht sin. Féadfar an tacaíocht a chomhcheangal le pacáistí géarchéime eile, go háirithe an Creat Sealadach Géarchéime um bearta státchabhrach[29], ina bhfuil suas le EUR 300 000 ar fáil do chuideachtaí in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe go dtí deireadh 2023.

5. AN OIBLEAGÁID GABHÁLACHA A THABHAIRT I DTÍR

A bhuí leis na tionscadail taighde agus leis an gcomhar idir na páirtithe leasmhara uile, foghlaimíodh ceachtanna luachmhara i ndáil le bainistiú ábhar muirí aischurtha faoi na rialacha maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus maidir leis an gcomhar le páirtithe leasmhara. Is fearr an t-eolas atá acu anois ar na huirlisí (maolúcháin), ar staid na gabhála in iascach agus in imchuacha farraige éagsúla agus ar an gcaoi chun gabhálacha de thaisme a sheachaint trí úsáid a bhaint as trealamh nó teicnící iascaireachta níos roghnaithí, trí bhearta a bhaineann go sonrach le limistéar nó le ham a ghlacadh, nó trí iaimh fhíor-ama.

---

25 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le hAistriú Fuinnimh Iascach agus Dhobharshaothrú an Aontais, COM(2023) 100 final.

26 Rialachán (AE) 2021/1139.

27 Rialachán (AE) Uimh. 508/2014.

28 Rialachán (AE) 2022/1278 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/500 ón gCoimisiún.

29 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Creat Sealadach Géarchéime le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine 2022/C 131 I/01.

Le **CEMI agus CEMID** (lena dtairgtear ráta ard cabhrach poiblí) tugtar tacaíocht chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme. Faoi dheireadh 2022[30], roghnaigh na Ballstáit 5 160 oibríocht lena ngabhann cistiú iomlán ó CEMI dar luach EUR 180,7 milliún le haghaidh na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír (méadú ar an 4 762 oibríocht agus ar an EUR 169,2 milliún a bhí ann an bhliain roimhe sin). Bhí sé d'aidhm ag formhór na n-oibríochtaí breisluach nó cáilíocht na ngabhálacha de thaisme a mhéadú[31], tionchar na hiascaireachta ar an muirthimpeallacht a laghdú agus deireadh a chur le hábhar muirí aischurtha[32].

Mar sin féin, ní leor fós gníomhaíocht na mBallstát chun faireachán a dhéanamh ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus í a fhorfheidhmiú. Na príomhrioscaí a bhaineann leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, amhail aischur neamhdhleathach gabhálacha agus aischur gabhálacha nach ndéantar doiciméadú air le linn na hiascaireachta ar muir, ní mhaolaítear go leordhóthanach iad. Is gá na dreasachtaí le haghaidh neamhchomhlíonta[33] atá ann faoi láthair a chosc agus a dhíspreagadh trí fhaireachán agus trí fhorfheidhmiú a dhéanamh. Aithnítear sa Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh a dheacra atá sé an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme in iascach measctha ina bhfuil níos mó ná speiceas amháin, inar dócha go ngabhfar speicis éagsúla san oibríocht iascaireachta chéanna, agus ina bhfuil fáil ar uirlisí amhail malartuithe cuótaí.

Faoi láthair, úsáideann na Ballstáit teicnící traidisiúnta faireacháin den chuid is mó[34], teicnící nach bhfuil leordhóthanach[35]. Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú le déanaí maidir le córas rialaithe iascaigh athbhreithnithe ar thogra ón gCoimisiún, go háirithe chun úsáid uirlisí cianfhaireacháin leictreonaigh a shainordú. Cuidíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach leis na Ballstáit pleananna oibríochtúla um chianfhaireachán leictreonach a ullmhú le haghaidh tionscadail phíolótacha ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, agus chun na straitéisí is fearr is féidir a shainaithint chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh.

Comhlíontacht lag, aischur nach ndéantar doiciméadú air agus míthuairisciú ar ghabhálacha, is rudaí iad sin a dhéanann dochar do chruinneas na sonraí gabhála (tabhairt i dtír, gabhálacha de thaisme agus ábhar muirí aischurtha) agus don tuairisciú, rud atá mar bhonn agus mar

30 Tuarascáil CEMI 2022 ar chur chun feidhme, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, foilseofar í ina dhiaidh seo.

31 Airteagal 42 de Rialachán CEMI.

32 Airteagail 38 agus 39 de Rialachán CEMI.

33 Áirítear orthu sin aischur neamhdhleathach agus aischur nach ndéantar doiciméadú air chun cásanna 'tachta' a sheachaint, chun brabús a uasmhéadú ('roghnú na scotha') agus chun laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le gabhálacha ar luach íseal a láimhseáil agus a stóráil.

34 Amhail cigireachtaí ar muir, cigireachtaí ar thabhairt i dtír, anailísiú sonraí agus faireachas aeir.

35 Chomhaontaigh roinnt Ballstát a bheith rannpháirteach i dtionscadal píolótach cianfhaireacháin leictreonaigh arna chomhordú ag an gGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach chun dea-chleachtas maidir le rialuithe cianfhaireacháin leictreonaigh a fhoghlaim (soitheach amháin nó dhá shoitheach in aghaidh an Bhallstáit). Úsáideann an Danmhairg an cianfhaireachán leictreonach ar an gcabhlach chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath a oibríonn in Kattegat agus tá scéim iascaigh lándoiciméadaithe á déanamh ag an Ísiltír ar roinnt soithí sa Mhuir Thuaidh. Níl ceachtar den dá thionscadal á n-úsáid chun críoch rialaithe agus forfheidhmithe.

thaca faoi cháilíocht na comhairle eolaíche. Oibríonn na Ballstáit agus an Coimisiún in 2023 leis an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach **(**STECF) chun athbhreithniú a dhéanamh ar na díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír chun feabhas a chur ar shonraí. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún staidéar tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol[36] ina ndearnadh faireachán ar chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascach na mBallstát i Muir Bhailt, sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí Thiar an Atlantaigh. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar fhaireachán agus ar fhorfheidhmiú chun a áirithiú go bhfuil sonraí gabhála cruinn toisc go n-úsáideann na heolaithe na sonraí a thuairiscítear i logleabhair agus a bhailítear faoin gCreat um Bailiú Sonraí[37] chun bonn agus taca a chur faoi chomhairle eolaíoch. Mar a chuirtear i dtábhacht sa Teachtaireacht maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[38], tá cruinneas sonraí fíor-riachtanach le haghaidh na meastóireachtaí lena gcuidítear leis an gCoimisiún a chinneadh ar cheart leanúint de ghníomhaíocht an Aontais nó ar cheart í a choigeartú.

6. NA PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ AGUS NA PRÍOMH-THREOSHUÍOMHANNA I NDÁIL LE TOGRAÍ I DTACA LE DEISEANNA IASCAIREACHTA LE HAGHAIDH 2024

6.1. Na príomhchéimeanna chun na chéad deiseanna iascaireachta eile a shocrú

Déanfaidh an Coimisiún a thograí i dtaca le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024 a bhunú ar an gcomhairle eolaíoch arna heisiúint ag ICES agus STECF, lena n-áirítear breithnithe éiceachórais, ar na cinntí a rinneadh le linn caibidlíocht idirnáisiúnta le tríú tíortha, ar na cinntí a rinne ERBInna in 2023 agus ar anailís shocheacnamaíoch.

Cumhdóidh an Coimisiún a mhéid stoc agus is féidir sna tograí tosaigh uaidh agus soláthar tráthúil na comhairle eolaíche is gá á chur san áireamh.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh ar an gcomhairle eolaíoch a luaithe a bheidh sí ar fáil go poiblí. Is féidir leis na páirtithe leasmhara moltaí a dhéanamh freisin trí Chomhairlí Comhairleacha, údaráis náisiúnta agus ina n-aonar.

Déanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin éagsúla leis an Ríocht Aontaithe, leis an Iorua agus le stáit chósta eile ag tosú i mí Dheireadh Fómhair, agus is é is aidhm dó go dtabharfar i gcrích iad in am chun an toradh a phróiseáil le haghaidh na Comhairle i mí na Nollag.

Chomh maith le deiseanna iascaireachta a shocrú, oibreoidh an Coimisiún i gcaitheamh na bliana chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le socruithe roinnte le haghaidh stoic a dháiltear go forleathan le tríú tíortha nach bhfuil socruithe den sórt sin acu, chun a áirithiú go ndéantar iascaireacht ar stoic roinnte ar bhealach inbhuanaithe.

---

36 https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/89868cc6-015f-11ec-8f47-01aa75ed71a1

37 Rialachán (AE) 2017/1004.

38 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, An Comhbheartas Iascaigh inniu agus amárach: Comhshocrú Iascaigh agus Aigéan i dtreo bainistiú iascaigh atá inbhuanaithe, eolaíochtbhunaithe, nuálach agus cuimsitheach, COM/2023/103 final.

6.2. Deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh imchuacha farraige éagsúla

Maidir le stoic arna mbainistiú ag an Aontas amháin **i Muir Bhailt, sa Skagerrak/Kattegat agus san Atlantach**, molfaidh an Coimisiún cuótaí i gcomhréir leis an uastáirgeacht iascaireachta nuair a bheidh an chomhairle sin ar fáil ina leith. I gcás ina soláthraítear le pleananna bainistíochta solúbthacht i ndáil le teorainneacha gabhála a shocrú, féadfaidh an Coimisiún a mholadh go n-úsáidfí raon uasta na huastáirgeachta iascaireachta maidir le stoic shláintiúla, ar choinníoll go meastar, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch, gur gá sin chun na cuspóirí faoi na Pleananna Ilbhliantúla a bhaint amach, go háirithe le haghaidh iascach measctha. Maidir le stoic a gcomhairlítear gabháil nialasach ina leith nó i gcás ina bhfuil laghdú mór sin ar an mbithmhais, chomh mór sin go bhfuil sí faoi bhun na teorann sábháilte, molfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí feabhais mar a leagtar amach i ngach plean ilbhliantúil chun na stoic a atógáil. Díreoidh sé gníomhaíocht ar mheastóireacht eolaíoch iomlán a dhéanamh ar an uastáirgeacht inbhuanaithe le haghaidh príomhstoic eile a luaithe is féidir.

I gcás na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, bainfidh sé na díolúintí *de minimis* nó ard-inmharthanachta as comhairle ICES i gcás inarb iomchuí. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le bearta laghdaithe foghabhála atá ann faoi láthair a chur chun feidhme, ar bearta iad a ghabhann le TACanna le haghaidh foghabhálacha dosheachanta amháin a glacadh chun cásanna tachta a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún bogadh, i gcás inar féidir, chuig córas TACanna ilbhliantúla le haghaidh stoic an Aontais amháin. Leis sin, méadófar an éifeachtúlacht agus an intuarthacht le haghaidh ghnólachtaí iascaireachta an Aontais maidir le stoic arna roghnú i ndlúthchomhairliúchán leis na Ballstáit, le páirtithe leasmhara agus le ICES. Iarrtar ar na Ballstáit na stoic tosaíochta a liostú, ar stoic iad a bhfuil TACanna 2 bhliain á moladh acu ina leith. Tar éis measúnú a dhéanamh, iarrfaidh an Coimisiún ar ICES measúnú a dhéanamh ar na stoic a sainaithníodh:

(i) in aghaidh chritéir chomhairle ilbhliantúil ICES;
(ii) i dtéarmaí indéantacht na comhairle ilbhliantúla; agus
(iii) i dtéarmaí na n-impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhairle ilbhliantúil sin.

Maidir le stoic roinnte a bhainistítear **leis an Ríocht Aontaithe, leis an Iorua agus le stáit chósta eile**, leanfaidh an tAontas dá sheasamh a bhunú ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, agus é de chuspóir aige na deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe. Déanfaidh an tAontas obair leantach ar ghealltanais chomhpháirteacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sa Choiste Speisialaithe um Iascach, agus é d'aidhm aige iascaireacht inbhuanaithe agus bainistiú inbhuanaithe stoc roinnte a bhaint amach. Déanfaidh sé obair leantach ar ghealltanais chomhchosúla sa chreat tríthaobhach (an tAontas, an Ríocht Aontaithe, an Iorua), agus maidir le socruithe roinnte inbhuanaithe agus cuimsitheacha a lorg le haghaidh stoic na stát cósta. Is cuid den ghné sheachtrach den chomhbheartas iascaigh an obair sin agus cumhdaítear léi thart ar 70 % de na

TACanna uile a socraíodh san Atlantach Thoir Thuaidh. Féachfaidh an Coimisiún le feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an atmaisféar sna comhairliúcháin sin.

I gcás **na Meánmhara agus na Mara Duibhe**, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh na Ballstáit de chuspóirí Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar agus de chuspóirí CGIM faoi Straitéis 2030 a shaothrú. Molann an Coimisiún do na Ballstáit bearta tionlacain faoi chláir CEMID a chur chun feidhme. Ós rud é gurb í seo an bhliain dheireanach d'idirthréimhse an phlean ilbhliantúil, beidh sé d'aidhm ag an togra i dtaca le deiseanna iascaireachta é a chur chun feidhme ina iomláine chun uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach faoin 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí i gcás na stoc uile, agus cur chuige iomlánaíoch á leanúint. Go háirithe, ba cheart a chur san áireamh ann na huirlisí bainistíochta atá ar fáil agus an sásra cúitimh chun feabhas a chur ar roghnaíocht trealaimh agus ar iaimh limistéir. Déanann STECF meastóireacht bhliantúil ar chur chun feidhme an phlean ilbhliantúil. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún obair i ndáil le gach gné den inbhuanaitheacht d'fhonn tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchar an phlean ar na stoic agus ar an iascach lena mbaineann i mí Iúil 2024.

Is gá stoic roinnte a bhainistiú freisin chun inbhuanaitheacht a áirithiú in uiscí idirnáisiúnta agus cothroime iomaíochta a áirithiú sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. Chuige sin, cumhdófar leis an togra i dtaca le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024 bearta a eascraíonn as bearta CGIM atá i bhfeidhm cheana agus as bearta breise atá le glacadh ag seisiún bliantúil CIGM i mí na Samhna. Maidir le speiceas na Mara Duibhe, molfaidh an Coimisiún TACanna agus cuótaí le haghaidh an turbaird i gcomhréir leis na bearta atá le glacadh ag an seisiún bliantúil, agus le haghaidh an tsaláin.

Ní mór leanúint den dul chun cinn sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh agus dlús a chur leis ag comhdháil ardleibhéil CGIM i Málta an 3-4 Deireadh Fómhair 2023. Ní mór do na Ballstáit uile leanúint de ghníomhaíocht a dhéanamh chun inbhuanaitheacht na stoc a bhaint amach ós rud é gurb é sin is bonn le hearnáil iascaireachta athléimneach, agus chun na héiceachórais sna himchuacha farraige sin a chosaint.

I bhfianaise an ghá atá ann feabhas a chur ar chosaint **na heascainne Eorpaí**, chomh maith le dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 agus measúnú a dhéanamh ar na bearta le haghaidh 2024 maidir le huiscí mara, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit feabhas a chur ar a bpleananna bainistithe eascann faoin Rialachán maidir leis an Eascann, i gcomhréir lena n-oibleagáidí comhshaoil[39]. Tá sé tábhachtach dlús a chur le bearta in uiscí intíre chun cothroime iomaíochta a chruthú ós rud é gur ard ráta básmhaireachta na n-eascann in uiscí intíre agus go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach feabhais ina leith. Tá CIGM ag obair faoi láthair ar phleananna bainistíochta fadtéarmacha a bheidh ann amach anseo, go háirithe pleananna maidir leis an eascann Eorpach agus maidir leis an dorád coiteann ar ina leith atá deireadh ag teacht leis na bearta atá ann faoi láthair in 2023.

[39] COM(2023) 102.

7. CONCLÚID

Tháinig feabhas ar inbhuanaitheacht iascach an Aontais in 2022. Mar sin féin, tá dúshlán fós ann maidir leis an staid i Muir Bhailt, áit a bhfuil laghdú ag teacht ar roinnt stoc tráchtála a bhí tábhachtach roimhe seo de dheasca brúnna éagsúla. Bíonn tionchar ag an athrú aeráide ar ghníomhaíochtaí an duine, ar dhéine na mbrúnna agus ar ghnéithe áirithe den stát, chomh maith leis na naisc eatarthu. Is gá tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh agus gealltanas níos mó a thabhairt chun dul i ngleic leis an staid sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh.

Leis na tograí ón gCoimisiún i dtaca le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024, féachfar lena chur ar a gcumas do na stoic athshlánú a dhéanamh agus leis na stoic éisc a bhfuil leibhéil inbhuanaithe bainte amach acu a chomhdhlúthú. Cuirfidh sé sin borradh faoi athléimneacht na n-iascairí. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit reachtaíocht an Aontais chun feidhme a thuilleadh agus is den tábhacht freisin an iarracht leanúnach atá á déanamh ag an gCoimisiún maidir le gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna eile atá ar stoic éisc. Tá an tAontas ag dul i ngleic leis an truailliú muirí trí roinnt tionscnamh reachtach agus beartais faoi chreat níos leithne an phlean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach[40].

Mar a luaitear i bpacáiste an Iascaigh agus na nAigéan, ní mór dúinn tiomantas níos mó a fheiceáil anois chun ár limistéir mhuirí agus ár n-iascach Eorpach a chur in oiriúint don todhchaí. Tá earnáil iascaigh rathúil ríthábhachtach chun pobail chósta Eorpacha a chaomhnú agus chun an t-aistriú chuig córais bhia níos inbhuanaithe a bhainistiú.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, ar Chomhairlí Comhairleacha, ar na páirtithe leasmhara agus ar an bpobal aiseolas a thabhairt maidir leis an Teachtaireacht seo faoin 31 Lúnasa 2023.

[40] Áirítear orthu sin teorainneacha a shocrú don bhruscar muirí, don torann faoi uisce, do chothaithigh agus d'éilleáin faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus bearta cur chun feidhme chun iad a bhaint amach. COM/2021/400 final

AN SCEIDEAL OIBRE ATÁ BEARTAITHE[41]

Cathain	**Céard**
Bealtaine-Samhain 2023	Comhairle eolaíoch ó ICES
Meitheamh-deireadh mhí Lúnasa 2023	Comhairliúchán poiblí maidir leis an Teachtaireacht
Deireadh mhí Lúnasa 2023	Glacfaidh an Coimisiún an togra i dtaca le deiseanna iascaireachta i Muir Bhailt
Deireadh Fómhair - Nollaig 2023	Comhairliúcháin bhliantúla i dtaca le deiseanna iascaireachta in éineacht leis an Ríocht Aontaithe, leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua, agus leis an Iorua
Lár mhí Mheán Fómhair 2023	Glacfaidh an Coimisiún an togra i dtaca le deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh
Deireadh Fómhair 2023	Cruinniú den Chomhairle i dtaca le deiseanna iascaireachta do Mhuir Bhailt Comhairliúcháin na stát cósta maidir le stoic a dháiltear go forleathan san Atlantach Thoir Thuaidh
Deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023	Glacfaidh an Coimisiún an togra i dtaca le deiseanna iascaireachta san Atlantach/sa Mhuir Thuaidh
An 7-11 Samhain 2023	Seisiún bliantúil CGIM
An 1 Nollaig 2023	Measúnú stoc STECF agus comhairle bainistíochta
Nollaig 2023	Cruinniú den Chomhairle i dtaca le deiseanna iascaireachta san Atlantach/sa Mhuir Thuaidh Cruinniú den Chomhairle i dtaca le deiseanna iascaireachta don Mheánmhuir agus don Mhuir Dhubh

[41] Maidir le stoic arna mbainistiú ag ERBInna in uiscí an Aontais agus in uiscí áirithe nach bhfuil san Aontas, glactar na deiseanna iascaireachta tar éis chruinniú bliantúil ERBInna trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta.